

Nóta Treorach maidir leis an bhFoirm Iarrata ar Chealú FMS

Níor cheart an fhoirm seo a úsáid ach má chreideann tú go bhfuil forais ann leis an bhfógra a chealú, e.g. **saincheist bhraite, díolúine reachtúil nó cúinsí eisceachtúla** (féach **Treoir maidir le Cúis na hIarrata ar Chealú** thíos).

Líon **an Fhoirm Iarrata ar Chealú FMS** láithreach agus seol ar aghaidh í ar ríomhphost [chuig NPO@garda.ie](mailto:chuig.NPO@garda.ie), trí fhacs a sheoladh chuig 0504-59844 nó sa phost chuig *An Oifig Próiseála Muirear Seasta, Sráid Parnell, Durlas, Contae Thiobraid Árann* le cáipéisíocht tacaíochta.

Tabhair faoi deara, le do thoil, ní chuirfear an tréimhse 28 lá agus 56 lá chun an fógra a íoc ar fionraí ar feitheamh aon achomhairc. **An Fhoirm Iarrata ar Chealú FMS a líonadh**

Caithfear Míreanna A, B agus C a líonadh i ngach cás. Caithfear Mír C a líonadh má tá iarratas á dhéanamh agat ar chealú faoi Dhíolúine Reachtúil – Feithicil Éigeandála

MÍR A:

- Líon na sonraí ar an bhfoirm iarrata ar chealú de réir sonraí ar an bhfógra muirir sheasta (FMS), d'Ainm, Seoladh, Uimhir Thagartha an FMS, Cláruimhir na Feithicle agus Uimhir do Cheadúnais Tiomána/do Cheada san áireamh. Tá d'uimhir ghutháin agus do sheoladh ríomhphoist roghnach.

MÍR B:

- Caithfidh an t-iarratasóir a thabhairt le fios má cealaíodh fógra muirir sheasta don iarratasóir roimhe seo agus sonraí faoin gcéanna a sholáthar.
- Roghnaigh cúis leis an iarraidh ar chealú ó cheann amháin de na roghanna a dtugtar cuntas orthu thíos, ina léirítear an chúis atá agat le hachomharc.

MÍR C:

Caithfear seo a líonadh má tá iarratas á dhéanamh agat ar chealú faoi Dhíolúine Reachtúil – Feithicil Éigeandála

- Lena dheimhniú go raibh an fheithicil á tiomáint ag comhalta de sheirbhís otharchairr nó bhriogáid dóiteáin de chuid údarás dóiteáin (laistigh de bhrí an Achta Seirbhísí Dóiteáin, 1981) i bhfeidhmiú dhualgais an chomhalta sin,
- Lena dheimhniú nár chuir tiomáint nó úsáid na feithicle sábháilteacht úsáideoirí bóithre i mbaol.
- **SEIRBHÍSÍ OTHARCHARRANNA AMHÁIN** - Caithfidh an fheithicil a bheith cláraithe le soláthraí seirbhíse cúraim éigeandála Réamhospidéal atá faofa ag an gComhairle Cúraim Réamhospidéal.

Caithfear an méid seo a leanas a sholáthar:

1. Tuairisc ar pháipéar ceannteidil ina dtugtar cuntas ar chúinsí an teagmhais, agus
2. Líon an mhír *Ráiteas Ainmnithe Ainm agus Sheoladh Tiománaí na Feithicle* den FMS, agus seol ar ais í leis an bhFoirm Iarrata ar Chealú FMS chuig An Oifig Próiseála Muirear Seasta, Sráid Parnell, Durlas, Contae Thiobraid Árann laistigh de 28 lá tar éis dháta an FMS.

MÍR D:

- Ar deireadh, caithfidh an t-iarratasóir a dhearbhu go bhfuil an fhaisnéis a tugadh fíor chomh fada agus is eol dóibh agus a chreideann siad.

Treoir maidir leis an gcúis atá le hiarraidh ar chealú

1. **Saincheist bhraite / earráid ábhartha** – nuair is mian leat cur in aghaidh luasteorainn, láthair, dháta nó am an chiona, nó má bhí an uimhir chláráithe mhícheart i gceist – cuirtear in iúl duit go bhféadfadh nach ndéanfaidh neamhréiteach beag an fógra neamhbhailí. Maidir leis an gcás nach bhfuil feidhm ag an srian ar mheáchan – tá luasteorainn níos ísle i bhfeidhm ar fheithicilí áirithe (leoraithe, busanna, etc.) má tá d'fheithicil faoi bhun 3500 KG, teastaíonn Cóip de do Dheimhniú Cláráithe Feithicle má tá díolúine á lorg agat ón luasteorainn
2. **Díolúine ó Chrios Sábhála a Chaitheamh** – má tá Díolúine Theastas Dochtúra agat ó Chrios Sábhála Éigeantach/Chóras Srianta Linbh a chaitheamh de réir [na foirme ainmnithe](#).
3. **Díolúine Reachtúil – Feithicilí Éigeandála** – Caithfidh an duine a bhfuil an cealú á iarraidh acu **MÍR C** den fhoirm Iarrata ar Chealú FMS a líonadh, agus
 - tuairisc ar pháipéar ceannteidil a sholáthar ina dtugtar cuntas ar chúinsí an teagmhais, agus

- An mhír *Ráiteas Ainmnithe Ainm agus Sheoladh Tiománaí na Feithicle* den FMS a líonadh, agus í a sheoladh ar ais leis an bhFoirm Iarrata ar Chealú FMS chuig An Oifig Próiseála Muirear Seasta, Sráid Parnell, Durlas, Contae Thiobraid Árann laistigh de 28 lá tar éis dháta an FMS.
4. **Neamhthaispeáint diosca mótarachánach nó árachais** – cóip den mhótarcháin ar íocadh aisti nó ar cuireadh isteach uirthi nó, i gcás neamhthaispeáint árachais, cóip den diosca mótarárachais a bhí i bhfeidhm ag tráth an chiona líomhnaithe.
 1. **Feithicil a goideadh** – Soláthair uimhir thagartha an aitheantais PULSE, má tá sí ar fáil – is féidir í seo a fháil ón Stáisiún Gardaí inar tuairiscíodh gur goideadh an feithicil.
 2. **Sonraí faoi úinéir cláraithe na feithicle** – Nuair a bhíonn fadhb leis na sonraí faoi úinéir cláraithe na feithicle, e.g. díoladh an feithicil nó rinneadh í a bhriseadh ar mhaithe le dramh-mhiotal, teastaíonn foirm Dhearbhú A nó is féidir litir a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Sionainn, Contae an Chláir lena dheimhniú nár tusa an t-úinéir cláraithe ag tráth an chiona líomhnaithe.
 3. **Faoi 18 mbliana d’aois** – Is féidir cead isteach a thabhairt don duine go clár athstíúrtha, faoi mar a bhforáiltear dó i gCuid 4 d’Acht na Leanaí, 2001. Caithfear cóip de do theastas breithe a sholáthar chun tús a chur leis an bpróiseas.
 4. **Cúinsí Eisceachtúla** – Samplaí atá sa mhéid seo a leanas ina ndéanfar iarraidh ar chealú a bhreithniú nó a dhiúltú:

I gcás fógra muirir sheasta a eisíodh i ngeall ar thiomáint ar luas –

- Breithneofar ar iarratas a dhéanann duine a bhí ag freagairt do sceitheadh gáis nó do líne chumhachta a thit, agus diúltófar iarratas a dhéanann duine atá ag déileáil le gnáthobair chothabhála.
- Breithneofar ar iarratas a dhéanann duine a raibh duine éigin á thabhairt acu chuig an ospidéal mar gheall ar éigeandáil leighis nuair a chreidtear go bhfuil beatha an duine i mbaol, agus diúltófar iarratas a dhéanann duine atá ag taisteal chuig coinne leighis.
- Breithneofar ar iarratas a dhéanann Dochtúir atá ag freagairt d’éigeandáil nuair a thugann an t-eolas le fios go bhfuil beatha an duine i mbaol, agus diúltófar iarratas a dhéanann Dochtúir a bhí ag taisteal chuig gnáthghlaoch.
- Breithneofar ar iarratas a dhéanann duine a bhfuil duine éigin á iompar acu ar gá dóibh freastal ar an ospidéal ar gearrfhógra chun cóir leighis phráinneach a fháil, agus diúltófar iarratas a dhéanann duine a bhfuil duine á iompar acu chuig ospidéal ar mhaithe le gnáthchóir leighis a fháil.
- Breithneofar ar iarratas a dhéanann duine a bhí ag freagairt d’fhógra go raibh duine muinteartha ar tí bás a fháil, agus diúltófar iarratas a dhéanann duine atá ag taisteal chuig sochraid.

I gcás fógra muirir sheasta a eisíodh i ngeall ar neamhthaispeáint diosca cánach reatha –

- Breithneofar ar iarratas má bhí cáin íoctha don feithicil ag an tráth ach má baineadh an diosca cánach den feithicil de thimpiste nó má cailleadh é sular eisíodh an FMS, agus diúltófar iarratas mura raibh cáin íoctha don feithicil agus mura féidir leis an iarratasóir fianaise a sholáthar go ndearnadh iarratas ar mhótarcháin sular eisíodh an FMS.

Nuair a dhéantar cinneadh faoi iarratais bunaithe ar chúinsí eisceachtúla, cuirfidh an tÚdarás Cealúcháin an méid seo a leanas san áireamh:-

- An gá atá leis an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre a chur i bhfeidhm i gcónaí, a chinntíonn go leagtar freagracht ar thiománaithe earráideacha as a ngníomhartha.
- Is gnách go mbaineann cinneadh mícheart le FMS a eisiúint le FMS a chealú de mhuintir an phobail as na córais mhuirir sheasta agus dlí choiriúil.
- Na cúinsí eisceachtúla ar a mbunaítear an t-iarratas
- Cibé acu ar cealaíodh nó nár cealaíodh FMS roimhe seo mar gheall ar chúinsí eisceachtúla.
- An dóchúlacht go ndéanfaidh an duine athchiontú.
- An fhianaise a thacaíonn leis an iarratas.
- Nuair ba ghá don Údarás Cealúcháin dul i gcomhairle leis an gcomhalta braite i ngeall ar na cúinsí, tuairim an chomhalta faoin iarratas.